

## Ócam Mo Phríosún

Molaim sú an ghráin eorna go deo deo is choíche,  
Nach mairg nach mbíonn tóir ag Rí Seoirse ar a dhéanamh.  
Seán Forde a bheith 'na ghiúistís sé a chomhairleodh na daoine  
Mar sé 'chuir mise a' foghlaim le ócam a spíonadh.

## Curfá

Is randa dideloram 'sé ócam mo phríosún,  
Go bhfága sú an ghráin eorna na hóglaigh dhá spíonadh.

Osclaíodh dhomsa an stór a raibh ócam thar maoil ann  
Is thug mé lán mo ghabhlach liom mo dhóthain go ceann míosa.  
Is nach mise a bhain an gáire as an ngarda a bhí 'mo thimpeall  
Nuair d'fíafraigh mé den cheannfort cé air ar fhás an fionnach.

Is nach mise a bhíonns go brónach gach Domhnach is lá saoire  
Ag siúl amuigh sa ngairdín istigh bhfáinne is mé dul timpeall;  
Go dtagann ó mo shúile sruth deora nuair a smaoiním  
Gur olc an obair Dhomhnaigh bheith i gcónaí ar an gcaoi seo.

Bhí mise maidin shamhraidh is mo leaba déanta síos agam  
Nuair a chonaic mé an ceannfort ag gluaiseacht go dtí mé.  
'B'in an chaoi a bhfuil tusa is an méid atá le déanamh:  
Do dhá láimh i do phócaí is ócam le spíonadh?

Céard deir tú le Mac Uí Lochlainn a chuaigh a chodladh dhó fhéin go  
suaimhneach  
Nuair d'ionsaigh na luchain a chuid ócáim san oíche.  
Is maidin lá arna mhárach bhí an ceannfort á inseacht  
*By deaid* a deir an gobharnóir tá an diabhal uilig déanta.

Tarraingeoir sú na heorna fós ins na hísleáin;  
Beidh gloine a'ainn le n-ól ann amhráin agus rince.  
Beidh pota a'ainn is dabhach is beidh cú air a' tíocht timpeall,  
Beidh gloin a'ainn le n-ól is a gcuid ócáim dhá spíonadh.

Le tacaíocht ó